Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8786/25**

**ENT 65**
**MI 295**
**COMPET 351**
**IND 137**
**SAN 206**
**ENV 318**
**INDEF 18**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Bealtaine 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | […](2025) XXX draft - D 102503/3 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>an XXX<br>lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le<br>Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus<br>ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí sárfhluarailcile agus<br>polafluarailcile i gcúir comhraic dóiteáin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad […](2025) XXX draft - D 102503/3.

---

Faoi iamh: […](2025) XXX draft - D 102503/3

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, XXX
D102503/03
[…](2025) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile i gcúir comhraic dóiteáin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile i gcúir comhraic dóiteáin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún[1], agus go háirithe Airteagal 68(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is fine de na mílte ceimiceán sintéiseach iad substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile ('PFASanna') a úsáidtear go forleathan san Aontas, lena n-áirítear ceimiceáin i gcúir comhraic dóiteáin. Aon substaint ina bhfuil adamh carbóin amháin ar a laghad de mheitil lánfhluairínithe ($CF_3$) nó meitiléin ($CF_2$) (gan aon adamh carbóin H/Cl/Br/I ceangailte leis), sin é an sainmhíniú a thugann an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ('ECFE') ar PFASanna[2].

(2) Leagtar amach an critéar 'an-mharthanach' i bpointe 1.2.1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Sáraíonn PFASanna an critéar lena mheas go bhfuil siad an-mharthanach agus léiríonn siad éagsúlacht airíonna guaiseacha breise. Tá a bhformhór soghluaiste in uisce agus, dá bhrí sin, bíonn éilliú screamhuisce, uisce dromchla agus bithra mar thoradh orthu. Is cúis imní ar leith é sin nuair bhíonn éifeacht aige ar fhoinsí uisce óil. Is carcanaiginí amhrasta iad roinnt PFASanna, déanann siad díobháil do linbh atá i mbéal forbartha agus ag tiúchan íseal spreagann siad éifeachtaí in orgáin amhail an t-ae nó na córais imdhíonachta. Tá roinnt comharthaí ann gur suaiteoirí inchríneacha féideartha iad PFASanna. Mar sin féin, níl dóthain sonraí ann chun measúnú leormhaith cainníochtúil a dhéanamh ar éifeachtaí fhormhór na PFASanna ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol.

(3) In 2019, d'iarr Comhairle an Aontais Eorpaigh ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta a fhorbairt chun deireadh a chur le gach úsáid neamhriachtanach a bhaintear as

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj.

[2] Tuairisc ó ECFE an 9 Iúil 2021, Reconciling Terminology of the Universe of Per- and Polyfluoroalkyl Substances: Recommendations and Practical Guidance (ENV/CBC/MONO(2021)25) [*Téarmaíocht Substaintí Sárfhluarailcile agus Polafluarailcile a thabhairt le chéile: Moltaí agus Treoraíocht Phraiticiúil* (ENV/CBC/MONO(2021)25)]

PFASanna[3]. In 2020, thathantaigh Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún spriocdhátaí daingne a leagan síos lena áirithiú gur gearr eile go gcuirfear deireadh le húsáidí neamhriachtanacha uile PFASanna[4]. Sa Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht[5], luaigh an Coimisiún nach mór aird ar leith a thabhairt ar PFASanna agus, dá bhrí sin, mhol sé sraith chuimsitheach gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar úsáid PFASanna agus ar éilliú le PFASanna.

(4) Tá imní ardaithe i gcodanna áirithe den domhan maidir le tionchair ionchasacha thruailliú PFASanna ar an gcomhshaol agus b'fhéidir ar shláinte an duine. Tá cuir chuige laghdaithe riosca maidir le PFASanna glactha ag an Astráil, ag Ceanada, ag an tSeapáin, ag an gCóiré, ag an tSín, ag an Rúis agus ag na Stáit Aontaithe[6]. Tá bearta tiomnaithe glactha ag an Danmhairg cheana féin chun toirmeasc a chur ar thiúchan cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna a allmhairiú, a dhíol agus a úsáid i láithreáin druileála. D'fhéadfadh srianta náisiúnta bac a chur ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus, dá bhrí sin, is gá rialacha srianta maidir le cúr comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais.

(5) I bhfianaise na himní a cuireadh in iúl maidir le cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil aigéad sárfhluarochtánóch (ASFO) a ionadú le cúir eile atá bunaithe ar fhluairín, agus i bhfianaise infhaighteacht mhéadaitheach roghanna malartacha, agus chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a áirithiú san Aontas, an 17 Iúil 2020, de bhun Airteagal 69(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, d'iarr an Coimisiún ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') sainchomhad a ullmhú a chomhlíonann ceanglais Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán sin, d'fhonn srian féideartha a chur ar PFASanna i gcúir comhraic dóiteáin[7].

(6) An 23 Márta 2022, chuir an Ghníomhaireacht sainchomhad Iarscríbhinn XV isteach, a leasaíodh agus a tugadh chun críche an 13 Eanáir 2023 ('an sainchomhad')[8]. Léiríodh sa sainchomhad go dtáirgeann thart ar 25 chuideachta tuairim is 30 000 tona cúr comhraic dóiteáin san Aontas in aghaidh na bliana. D'ainneoin srianta roimhe seo ar PFASanna áirithe i gcúir comhraic dóiteáin, tá PFASanna in 18 000 tona (60 %) de thonnáiste foirmlithe na gcúr comhraic dóiteáin atá ann faoi láthair. Rinneadh meastachán sa sainchomhad go mbíonn thart ar 470 tona in astaíochtaí bliantúla iomlán PFASanna ó fhoirmliú, oiliúint agus úsáid PFASanna i dteagmhas dóiteáin.

(7) Úsáidtear cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna chun dóiteáin a mhúchadh lena mbaineann leachtanna inlasta ('dóiteáin d'aicme B') in earnálacha éagsúla (e.g., an earnáil ola/(peitri-)ceimiceán, briogáidí dóiteáin bardasacha, feidhmeanna muirí, aerfoirt, cosaint agus múchtóirí dóiteáin iniompartha). Is é an tionscal ola/(peitri-)ceimiceán an earnáil úsáide is mó ar fad, ina n-ídítear 59 % de thonnáiste bliantúil na gcúr comhraic dóiteáin san Aontas ina bhfuil PFASanna. Úsáidtear cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna chun críche oiliúna agus i dteagmhais dóiteáin 'bheo'

---

3 Conclúidí ón gComhairle – Towards a Sustainable Chemicals Policy Strategy of the Union [*I dTreo Straitéis an Aontais um Beartas Inbhuanaithe Ceimiceán*], 26 Meitheamh 2019 10713/19.

4 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Iúil 2020 maidir leis an Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht (2020/2531(RSP)).

5 Chemicals Strategy for Sustainability, Towards a Toxic-Free Environment [*an Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht – I dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí*] (COM/2020/667 final).

6 https://www.oecd.org/chemicalsafety/portal-perfluorinated-chemicals/riskreduction/

7 https://echa.europa.eu/documents/10162/17233/request_echa_pfas_fff_en.pdf/aa089887-bc27-e642-747e-b935809075cc?t=1601895611682

8 https://echa.europa.eu/documents/10162/4524f49c-ae14-b01b-71d2-ac3fa916c4e9 agus https://echa.europa.eu/documents/10162/8011247f-14bb-c77e-189e-4df733dd16b2

éagsúla, ó dhóiteáin bheaga go dóiteáin mhóra umar. Mura rialáiltear PFASanna, beidh méadú ar éilliú comhshaoil, ar astaíochtaí comhshaoil leanúnacha agus ar nochtadh breise don duine mar thoradh ar úsáid leanúnach PFASanna i gcúir comhraic dóiteáin.

(8) Tháinig an Ghníomhaireacht ar an gconclúid nach ndéantar rialú leordhóthanach ar na rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol de dheasca úsáid PFASanna i gcúir comhraic dóiteáin san Aontas agus gurb é srian faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 an modh is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta a bhaineann lena úsáid. Tá gá le gníomhaíocht uile-Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le PFASanna i gcúir comhraic dóiteáin chun ardleibhéal comhchuibhithe cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a áirithiú ar fud an Aontais agus chun saorghluaiseacht earraí laistigh den Aontas a áirithiú.

(9) Thángthas ar an gconclúid sa sainchomhad freisin nach eol den chuid is mó céannachtaí beachta na PFASanna sonracha a úsáidtear faoi láthair i gcúir comhraic dóiteáin mar gheall ar rúndacht an mhonaróra. Tuairiscíonn na páirtithe leasmhara tionscail go mbaineann PFASanna den chuid is mó le catagóir fad slabhra C6, ar substaintí iad a bhaineann le haigéad aondeacafluaraiheacsánóch. Mar sin féin, baineadh úsáid freisin as substaintí a bhfuil struchtúir níos giorra acu maidir le fad slabhra i gcúir comhraic dóiteáin agus d'fhéadfaí PFASanna neamhrialáilte a fhorbairt go teoiriciúil lena n-úsáid i gcúir comhraic dóiteáin amach anseo. Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid sa sainchomhad go bhfuil srian lena gcumhdaítear an aicme iomlán PFASanna, gan beann ar stádas margaidh PFASanna sonracha, seachas PFASanna sonracha nó foghrúpaí de PFASanna sonracha, go bhfuil srian den chineál sin iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le PFASanna i gcúir comhraic dóiteáin, lena n-áirítear na rioscaí a eascraíonn as 'ionadú aiféalach', mar a thugtar orthu, amach anseo.

(10) Sa sainchomhad, bhreithnigh an Ghníomhaireacht cúig rogha éagsúla maidir le srianta agus ar deireadh mhol sí toirmeasc a chur ar PFASanna a chur ar an margadh agus a úsáid, agus ar fhoirmliú PFASanna i gcúir comhraic dóiteáin, agus sholáthar an Ghníomhaíocht idirthréimhsí earnáilsonracha ina leith. De réir na Gníomhaireachta, ba cheart srian a chur le múchtóirí dóiteáin iniompartha ina bhfuil PFASanna a chur ar an margadh tar éis idirthréimhse 6 mhí, agus ba cheart srian a chur le húsáid cúr comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna chun críche oiliúna agus tástála agus leis an úsáid a bhaineann seirbhísí dóiteáin bardasacha as cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna tar éis idirthréimhse 18 mí. Measadh go raibh gá le hidirthréimhse níos faide de 3 bliana chun cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna a úsáid i longa sibhialta agus le hidirthréimhse de 5 bliana chun cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna a úsáid san eitlíocht shibhialta, sa chosaint agus i múchtóirí dóiteáin iniompartha. Mheas an Ghníomhaireacht go raibh údar le hidirthréimhse suas le 10 mbliana chun cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna a úsáid ag bunaíochtaí a chumhdaítear le Treoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], lena n-áirítear, go háirithe, dóiteáin mhóra umar stórála atmaisféaracha agus tionscail a bhíonn ag déileáil le go leor leachtanna inadhainte éagsúla ag an láithreán céanna.

---

[9] Treoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 96/82/CE ón gComhairle (IO L 197, 24.7.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2012/18/oj).

(11) Sa sainchomhad, mhol an Ghníomhaireacht freisin an teorainn tiúchana le haghaidh PFASanna i gcúir comhraic dóiteáin a shocrú ag 1 mg/L[10]. De réir na Gníomhaireachta, chuirfeadh an teorainn sin cosc ar aon úsáid PFASanna d'aon ghnó i dtiúchain cúir comhraic dóiteáin agus sheachnófaí formhór na n-astaíochtaí. Thairis sin, mheas an Ghníomhaireacht gur cheart feidhm a bheith ag an teorainn tiúchana sin freisin maidir le trealamh a úsáideadh le cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna, ós rud é go bhféadfaí an teorainn sin a bhaint amach trí phróiseas glantacháin réasúnta simplí.

(12) Ar deireadh, mhol an Ghníomhaireacht oibleagáid ar úsáideoirí cúir comhraic dóiteáin (seachas i múchtóirí dóiteáin iniompartha) 'pleananna bainistíochta maidir le cúr comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna' a ullmhú agus bearta bainistithe riosca dea-chleachtais a chur i bhfeidhm chun go mbeidh siad in ann leanúint de chúir ina bhfuil PFASanna a úsáid le linn aon idirthréimhse is infheidhme.

(13) An 16 Márta 2023 ghlac Coiste um Measúnú Riosca na Gníomhaireachta a thuairim[11] nár thángthas ar an gconclúid gurb é an srian atá beartaithe ag an nGníomhaireacht um PFASanna, arna mhodhnú ag CMR, an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sainaitheanta i dtéarmaí a éifeachtaí atá sé an riosca a laghdú, agus ó thaobh na praiticiúlachta agus na hinmhonatóireachta de.

(14) Thacaigh CMR le húsáid shainmhíniú ECFE ar PFASanna chun na substaintí a ghrúpáil. D'admhaigh CMR go bhféadfadh sé a bheith indéanta PFASanna nó foghrúpaí nach bhfuil oiriúnach lena n-úsáid i gcúir comhraic dóiteáin a shainaithint mar gheall ar a n-airíonna bunúsacha ach mheas sé, nuair nach dócha go n-úsáidfear PFASanna nó foghrúpaí sainaitheanta, nach bhfuil údar ann lena n-eisiamh. Mura bhfuil PFASanna áirithe oiriúnach, ní bheidh tionchar ag an srian sin orthu agus ní bheadh údar leis an iarracht is gá chun grúpaí agus substaintí den sórt sin a shainaithint. Ina theannta sin, mar thoradh ar fhoghrúpaí a eisiamh, d'fhéadfaí PFASanna a eisiamh go neamh-aireach, ar PFASanna iad a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach amach anseo ach a bhfuil airíonna guaiseacha comhchosúla acu. Mheas CMR marthanacht ard PFASanna agus guaiseacha eile a bheith ina cúis mhór imní. Maidir le meastacháin a rinne an Ghníomhaireacht ar astaíochtaí PFASanna sa chomhshaol de dheasca úsáid cúr comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna, mheas CMR gur meastacháin iontaofa a bhí iontu agus d'aontaigh sé gur cheart scaoiltí a úsáid in ionad riosca agus gur cheart iad a íoslaghdú.

(15) Chomhaontaigh CMR gurb é an beart is iomchuí chun na rioscaí a bhaineann le PFASanna i gcúir comhraic dóiteáin a laghdú srian uile-Aontais a chur i bhfeidhm faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ar PFASanna ina n-iomláine. D'aontaigh CMR freisin gur cheart, leis an srian sin, aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le PFASanna a chur ar an margadh agus a úsáid, lena n-áirítear foirmliú, i ngach feidhm cúr comhraic dóiteáin toisc go gcuireann siad le hastaíochtaí comhshaoil. Baineann riosca do dhaoine agus don chomhshaol leis na scaoilte sin, agus tagann méadú ar an riosca le húsáid leanúnach mar gheall ar mharthanacht PFASanna agus an méadú ina dhiaidh sin ar a stoic chomhshaoil le himeacht ama. D'ainneoin iarrachtaí rialála a rinneadh le breis agus 10 mbliana anuas, tá CMR den tuairim nach dtugann na bearta bainistithe riosca agus na dálaí oibríochtúla atá ann faoi láthair aghaidh ar an riosca a oiread is gá.

---

10 Rud a chomhfhreagraíonn do 1 ppm, 1 000 ppb nó 0,0001 % (w/v).

11 https://echa.europa.eu/documents/10162/897b2ca5-e15b-e6c5-a2ef-c7af4f1110a1

(16) Thacaigh CMR leis an togra chun ceangal a chur ar oibreoirí pleananna bainistíochta suíomhoiriúnaithe a bhunú. D'aontaigh CMR freisin leis na coinníollacha maidir le diúscairt, cóireáil agus lipéadú leordhóthanach dramhaíola ina bhfuil PFASanna. Ina theannta sin, chuir CMR in iúl gur gá a áirithiú go láimhseáiltear dramhaíl ó ghlanadh an trealaimh comhraic dóiteáin le haghaidh cóireáil leordhóthanach, agus nach meastar gur cóireáil leordhóthanach í cóireáil bhitheolaíoch fuíolluisce. Thug CMR dá aire gurb í cóireáil bhitheolaíoch fuíolluisce an modh diúscartha is coitianta le haghaidh uisce bailithe a ritheann chun srutha ina bhfuil cúir comhraic dóiteáin, ach go bhfuil éifeachtúlacht theoranta ag an gcóireáil maidir le PFASanna a bhaint agus, ina theannta sin, gur féidir le diúscairt sloda dramhaíola a bheith ina foinse shuntasach PFASanna freisin. I gcás ina ndéantar dramhaíl ina bhfuil PFASanna a loscadh nó a chomhloscadh, thug CMR le fios gur cheart an teocht a bheith os cionn 1100 céim Celsius. Thug CMR dá aire freisin, áfach, go bhféadfaí teicnící diúscartha breise a fhorbairt amach anseo agus, dá bhrí sin, níor mhol sé tuilleadh sainmhínithe a thabhairt ar a bhfuil i gceist le cóireáil leordhóthanach thar na coinníollacha a mholtar sa sainchomhad.

(17) An 7 Meitheamh 2023, ghlac an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch de chuid na Gníomhaireachta a thuairim[12]. Tháinig CASE ar an gconclúid gurb é an srian atá beartaithe ag an nGníomhaireacht ar PFASanna i gcúir comhraic dóiteáin an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta, agus tairbhí agus costais shocheacnamaíocha PFASanna á gcur san áireamh, ar choinníoll go ndéanfar athbhreithniú ar infhaighteacht roghanna malartacha do bhunaíochtaí a chumhdaítear le Treoir 2012/18/AE roimh dheireadh na hidirthréimhse atá beartaithe lena gcur ar an margadh agus lena n-úsáid ag bunaíochtaí den sórt sin. Thairis sin, mhol CASE oibleagáid a chur san áireamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn ionadaíochta maidir le cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna a úsáid i suiteálacha ola agus gáis amach ón gcósta roimh dheireadh na hidirthréimhse le haghaidh na húsáide sin.

(18) Tháinig CASE ar an gconclúid, d'ainneoin roinnt éiginnteachtaí, go léiríonn costais shocheacnamaíocha an tsriain atá beartaithe, a mheastar a bheith thart ar EUR 7 mbilliún thar thréimhse 30 bliain, an t-ord méadaíochta ceart. D'aontaigh CASE leis an nGníomhaireacht gurb iad tairbhí an tsriain atá beartaithe na hastaíochtaí comhshaoil seachanta, a mheas an Ghníomhaireacht a bheith thart ar 13 200 tona thar 30 bliain má chuirtear na bearta bainistithe riosca arna moladh ag an nGníomhaireacht chun feidhme. Thug CASE dá aire go bhfuil luach lárnach an chóimheasa cost-éifeachtúlachta de thart ar EUR 500 in aghaidh an chileagraim d'astaíochtaí seachanta laistigh d'ord méadaíochta na srianta a rinneadh le déanaí ar cheimiceáin mharthanacha. Thug CASE dá aire freisin go raibh tionchar teoranta ag bearta bainistithe riosca le haghaidh teagmhais oiliúna agus dóiteáin ar chóimheas cost-éifeachtúlachta an tsriain atá beartaithe agus dá bhrí sin, mheas sé go raibh údar maith leis na bearta sin. Mheas CASE freisin go bhféadfadh tionchair dhearfacha eile a bheith mar thoradh ar an srian, amhail costais feabhsúcháin comhshaoil sheachanta agus nuálaíocht níos luaithe a dhreasú i roghanna malartacha PFASanna as a dtiocfaidh iomaíochas méadaithe thionscal ceimiceán na hEorpa, chomh maith le roinnt tionchar éiginnte nó diúltach a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail tionchair ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar theagmhais dóiteáin nach bhfuil múchta go

[12] https://echa.europa.eu/documents/10162/897b2ca5-e15b-e6c5-a2ef-c7af4f1110a1

leordhóthanach mura n-oibríonn roghanna malartacha chomh maith le cúir ina bhfuil PFASanna.

(19) Cúir comhraic dóiteáin mhalartacha is féidir a úsáid go teicniúil agus go heacnamaíoch, agus nach bhfuil fluairín-bhunaithe, tháinig CASE ar an gconclúid go bhfuil cúir den chineál sin ar fáil agus gur féidir iad a chur chun feidhme i bhformhór na n-earnálacha nó na n-úsáidí uile faoi dheireadh na n-idirthréimhsí atá beartaithe ag an nGníomhaireacht. Go sonrach, mheas CASE nár léiríodh go hiomlán fós go bhfuil roghanna malartacha oiriúnacha ar fáil lena n-úsáid i mbunaíochtaí a chumhdaítear le Treoir 2012/18/AE agus i suiteálacha ola agus gáis amach ón gcósta. Chun a áirithiú go ndéanfar roghanna malartacha oiriúnacha a fhorbairt, a thástáil agus a ghlacadh ina n-iomláine, mhol CASE idirthréimhsí níos faide ná na hidirthréimhsí a mhol an Ghníomhaireacht maidir le múchtóirí dóiteáin iniompartha a scaipeann cúr atá frithsheasmhach in aghaidh alcóil a chur ar an margadh, lena n-úsáid san earnáil mhuirí agus lena n-úsáid i suiteálacha ola agus gáis amach ón gcósta. Maidir le múchtóirí dóiteáin iniompartha a úsáid, mhol CASE idirthréimhse go dtí an 31 Nollaig 2030 seachas idirthréimhse 5 bliana mar a mhol an Ghníomhaireacht.

(20) Thug CASE dá aire an coinníoll breise a mhol CMR lena gceanglaítear íosteocht loiscthe 1100 céim Celsius. Mar sin féin, ní raibh CASE in ann teacht ar chonclúid maidir leis na costais a bhaineann leis an moladh sin, rud a chuir gné bhreise éiginnteachta leis an measúnú.

(21) Chuathas i gcomhairle le Fóram na Gníomhaireachta um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú, dá dtagraítear in Airteagal 76(1), pointe (f) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (‘Fóram’), le linn an phróisis srianta agus cuireadh a thuairim san áireamh.

(22) An 31 Lúnasa 2023, chuir an Ghníomhaireacht tuairimí CMR agus CASE faoi bhráid an Choimisiúin.

(23) Agus sainchomhad agus tuairimí CMR agus CASE á gcur san áireamh, measann an Coimisiún go n-eascraíonn riosca do-ghlactha do shláinte an duine agus don chomhshaol as PFASanna a chur ar an margadh agus a úsáid i gcúir comhraic dóiteáin, ar riosca é nach mór aghaidh a thabhairt air ar fud an Aontais.

(24) Dá bhrí sin, srian ar PFASanna a chur ar an margadh agus a úsáid i gcúir comhraic dóiteáin, mar a bhunaítear leis an Rialachán seo, measann an Coimisiún gurb é sin an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sainaitheanta, agus a thionchar socheacnamaíoch agus infhaighteacht roghanna malartacha á gcur san áireamh.

(25) Measann an Coimisiún gur raon feidhme iomchuí é raon feidhme leathan an tsriain lena gcumhdaítear gach PFAS mar atá sainithe ag ECFE, i bhfianaise na n-ábhar imní a leagtar amach sa sainchomhad agus atá deimhnithe ag CMR agus CASE. Marthanacht gach PFAS, lena n-áirítear a dtáirgí díghrádúcháin, is é sin an príomhábhar imní as a n-eascraíonn tiúchain chomhshaoil atá ag dul i méid. Tá go leor PFASanna an-soghluaiste sa chomhshaol agus tá réimse guaiseacha eile bunaithe i staidéir le haghaidh PFASanna, ag brath go minic ar a struchtúr sonrach. Tugann an Coimisiún dá aire nach eol den chuid is mó céannachtaí beachta na PFASanna sin a úsáidtear faoi láthair i gcúir comhraic dóiteáin mar gheall ar rúndacht tráchtála na monaróirí agus go bhfuil gá le raon feidhme srianta leathan chun ionadú aiféalach a sheachaint idir PFASanna aonair éagsúla, a chomhlíonann na critéir ‘an-mharthanach’ a leagtar amach i bpointe 1.2.1 d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (CE)

Uimh. 1907/2006 agus, dá bhrí sin, a mbíonn éilliú screamhuisce, uisce dromchla agus bithra mar thoradh air.

(26) Measann an Coimisiún nach féidir a bheith cinnte gur féidir roinnt foghrúpaí de PFASanna a úsáid i gcúir comhraic dóiteáin agus, dá bhrí sin, go bhfuil riosca ag baint leo do shláinte an duine agus don chomhshaol. Mar sin féin, agus aird á tabhairt ar thiomantas an Aontais deireadh a chur de réir a chéile le PFASanna i gcás inar féidir, mar a luaitear thuas, measann an Coimisiún go bhfuil bonn cirt le raon feidhme ceimiceach leathan an tsriain chun a áirithiú go sainaithneofar na substaintí a thagann faoi raon feidhme an tsriain sin, chun eisiamh neamh-aireach PFASanna a d'fhéadfaí a chinneadh a bheith oiriúnach lena n-úsáid i gcúir comhraic dóiteáin amach anseo a sheachaint agus chun praiticiúlacht an tsriain a áirithiú.

(27) Aontaíonn an Coimisiún leis an teorainn tiúchana mar a mhol CMR agus CASE, arb é atá ann tiúchan de1 mg/L le haghaidh shuim na PFASanna uile. Measann an Coimisiún, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus chun comhlíonadh agus forfheidhmiú an tsriain sin a éascú, gur cheart cúr comhraic dóiteáin a shainmhíniú sa Rialachán seo mar aon mheascán a úsáidtear chun dóiteáin a chomhrac le cúr, chomh maith leis na cineálacha éagsúla meascán cúir comhraic dóiteáin ag na céimeanna éagsúla den slabhra luacha agus den úsáid, lena n-áirítear an tiúchan cúir comhraic dóiteáin lena n-éilítear caolú le huisce chun an tuaslagán cúir comhraic dóiteáin a fhoirmiú, an tuaslagán cúir comhraic dóiteáin agus an cúr comhraic dóiteáin arb é atá ann an tuaslagán cúir comhraic dóiteáin a mheasctar le haer le linn úsáide. Cé nach bhfuil ach fáil theoranta ar mhodhanna anailíseacha le haghaidh gach PFAS aonair, féadfar modhanna iomlána fluairín a úsáid chun comhlíonadh an tsriain a léiriú i gcomhréir le comhairle an Fhóraim. Measann an Coimisiún go bhfuil an srian in-fhorfheidhmithe agus go neartaítear é sin, go háirithe, trí theaglaim d'infhaighteacht modhanna iomlána fluairín agus den cheanglas lipéadaithe.

(28) Tugann an Coimisiún dá aire gur léiríodh le cur chun feidhme an tsriain ar ghrúpaí sonracha PFASanna i gcúir comhraic dóiteáin faoi Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13], fiú tar éis an ghlantacháin i gcomhréir leis na teicnící is fearr atá ar fáil, go bhféadfaidh iarmhair PFASanna a bheith sa trealamh go fóill agus go bhféadfadh siad a bheith i gcúir comhraic dóiteáin nuashuiteáilte atá saor ó fhluairín. I bhfianaise an mhéid sin, aithníonn an Coimisiún, trí theorainn tiúchana 1 mg/L de PFASanna a shocrú mar a mhol an Ghníomhaireacht, go bhféadfaí go ndéanfaí aon trealamh cúir comhraic dóiteáin a úsáideadh roimhe sin a athsholáthar le cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí teorainn 50 mg/L a shocrú le haghaidh iomlán na PFASanna uile i gcúir comhraic dóiteáin a eascraíonn as an trealamh sin. Níor cheart feidhm a bheith ag an teorainn tiúchana sin ach amháin maidir le cúir comhraic dóiteáin atá saor ó fhluairín agus atá nuashuiteáilte i dtrealamh tar éis a ghlanta. I bhfianaise na bhforbairtí maidir leis an éifeacht athfhillteach a thomhas agus maidir le modhanna glantacháin le haghaidh an trealaimh atá ag teacht chun cinn, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an maolú sin laistigh de 5 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Níor cheart feidhm a bheith ag an maolú maidir le múchtóirí dóiteáin iniompartha toisc go meastar go ndéanfar iad a athsholáthar ina n-iomláine de réir a chéile. I gcás ina n-athúsáidtear na múchtóirí, ba cheart feidhm a

[13] Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1021/oj).

bheith ag an teorainn tiúchana ghinearálta 1 mg/L maidir le haon chúr comhraic dóiteáin a scaoiltear ón múchtóir.

(29) Ba cheart foghrúpaí de PFASanna áirithe nó roinnt dá n-úsáidí a eisiamh ón toirmeasc ar an srian sin a chur ar an margadh agus a úsáid ós rud é go bhfuil siad faoi réir srianta nó toirmeasc cheana féin san Aontas. Aigéad sulfónach sárfhluarochtáin (ASFOS), a shalainn agus a chomhdhúile ASFOS-ghaolmhara, aigéad sárfhluarochtánóch (ASFO), a shalainn agus a chomhdhúile ASFO-ghaolmhara, agus aigéad sulfónach sárfhluaraiheacsáin (SFHxS), a shalainn agus a chomhdhúile SFHxS-ghaolmhara atá faoi réir toirmisc in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021, ba cheart iad a eisiamh ón toirmeasc ar a gcur ar an margadh agus ar a n-úsáid. Aigéid charbocsaileacha sárfhluarailcile dar fad slabhra 9 go 14 adamh carbóin (ACSFanna C9-C14), cumhdaítear iad leis an srian atá ann cheana faoi iontráil 68 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus ba cheart iad a eisiamh ón srian ar a gcur ar an margadh agus ar a n-úsáid. Úsáidí aigéid aondeacafluaraiheacsánóch (SFHxA), a shalainn agus substaintí SFHxA-ghaolmhara atá srianta le míreanna 4 agus 5 den srian atá ann cheana faoi iontráil 79 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, ba cheart na húsáidí sin a eisiamh freisin ón srian ar a gcur ar an margadh agus ar a n-úsáid. Ba cheart méid PFASanna ó na foghrúpaí de PFASanna maolaithe sin a áireamh agus tiúchan shuim na PFASanna uile á chinneadh chun críoch an tsriain sin. Na bearta bainistithe riosca i míreanna 7 go 10 a fhorchuirtear mar choinníoll a ghabhann le húsáid an tsriain sin, ba cheart feidhm a bheith acu maidir le PFASanna ó na foghrúpaí sin i gcás ina gceadaítear fós iad a úsáid i gcúir comhraic dóiteáin.

(30) Foirmliú, próiseáil agus stóráil cúr comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna, lena n-áirítear aon cheann de na húsáidí sin chun cúir comhraic dóiteáin a tháirgeadh san Aontas gan beann ar cheann scríbe na gcúr comhraic dóiteáin, bíodh sin san Aontas nó i dtríú tíortha, cumhdaítear an foirmliú, próiseáil agus stóráil sin leis an sainmhíniú ar 'úsáid' mar a leagtar amach in Airteagal 3(24) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach gá srian a shonrú ar fhoirmliú cúr comhraic dóiteáin PFAS chomh maith leis an srian ar úsáid PFAS i gcúir comhraic dóiteáin den sórt sin, mar a mhol CMR agus CASE.

(31) A mhéid a bhaineann le PFASanna a chur ar an margadh agus a úsáid i gcúir comhraic dóiteáin araon, measann an Coimisiún gurb iomchuí idirthréimhse ghinearálta 5 bliana. Is é sin an tréimhse iarchurtha a dtacaíonn CMR agus CASE léi chun PFASanna a úsáid i gcúir comhraic dóiteáin i ngrúpa ginearálta na bhfeidhmeanna agus na n-earnálacha uile nach gcumhdaítear le maolú níos sonraí atá teoranta ó thaobh ama de agus lena gcumhdaítear roinnt láithreán ilchineálach agus próisis ionadaíochta éagsúla. Tacaíonn CASE freisin le tréimhse iarchurtha den sórt sin chun PFASanna a úsáid i gcúir comhraic dóiteáin a úsáidtear le haghaidh eitlíocht shibhialta (lena n-áirítear aerfoirt shibhialta), agus moltar í freisin do longa, lena n-áirítear tancaeir, báid farantóireachta, tugaí agus soithí tráchtála eile, agus don chosaint chomh maith. Dá bhrí sin, ós rud é gur gá cur ar an margadh chun soláthar a dhéanamh le haghaidh na n-úsáidí sin a cheadú freisin, is iomchuí an idirthréimhse chéanna a chur i bhfeidhm maidir le PFASanna a chur ar an margadh agus a úsáid i gcúir comhraic dóiteáin araon.

(32) A mhéid a bhaineann le cúir comhraic dóiteáin atá frithsheasmhach in aghaidh alcóil ina bhfuil PFASanna a chur ar an margadh i múchtóirí dóiteáin iniompartha, aontaíonn an Coimisiún leis an idirthréimhse 18 mí a mhol CASE. Chun múchtóirí dóiteáin iniompartha eile a chur ar an margadh, measann an Coimisiún idirthréimhse 12 mhí,

seachas 6 mhí mar a mhol CMR agus CASE, a bheith iomchuí chun a áirithiú go bhfuil dóthain ama agus acmhainneachta ann do pháirtithe leasmhara chun an deimhniú is gá a fháil i ngach Ballstát.

(33) Thairis sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí cead a thabhairt PFASanna a chur ar an margadh i gcúir comhraic dóiteáin tar éis na hidirthréimhse 5 bliana chun na húsáidí atá fós ag tairbhiú de mhaolú a sholáthar, agus chun na críche sin amháin, a luaithe a bheidh an t-am sin caite.

(34) Aontaíonn an Coimisiún leis an idirthréimhse 18 mí ón teacht i bhfeidhm maidir le húsáid PFASanna i gcúir comhraic dóiteáin chun críche oiliúna agus tástála agus leis an úsáid a bhaineann seirbhísí dóiteáin poiblí nó seirbhísí dóiteáin príobháideacha a fheidhmíonn mar sheirbhísí dóiteáin poiblí astu. Aontaíonn an Coimisiún freisin gur cheart cead a bheith ag seirbhísí dóiteáin poiblí fós cúir ina bhfuil PFASanna a úsáid ar feadh tréimhse 10 mbliana i gcás inar gá dóibh idirghabháil a dhéanamh agus dóiteáin thionsclaíocha a mhúchadh ag bunaíochtaí a chumhdaítear le Treoir 2012/18/AE. Mar sin féin, níor cheart cúir agus an trealamh sin a úsáid ach chun na críche sin amháin.

(35) Thairis sin, aontaíonn an Coimisiún leis an idirthréimhse go dtí an 31 Nollaig 2030 chun PFASanna a úsáid i gcúir comhraic dóiteáin le haghaidh múchtóirí dóiteáin iniompartha, mar a mhol CASE, ós rud é go dtabharfadh sé sin dóthain ama chun a áirithiú gur féidir, leis an acmhainneacht mhonaraíochta le haghaidh múchtóirí dóiteáin iniompartha atá saor ó PFASanna, freastal ar an éileamh méadaitheach chun na múchtóirí dóiteáin atá ann cheana ina bhfuil PFASanna a athsholáthar.

(36) Aontaíonn an Coimisiún leis an idirthréimhse 10 mbliana chun PFASanna a úsáid i gcúir comhraic dóiteáin, mar a mhol CASE, le haghaidh bunaíochtaí a chumhdaítear le Treoir 2012/18/AE agus le haghaidh suiteálacha a bhaineann leis an tionscal ola agus gáis amach ón gcósta, rud a thugann dóthain ama chun roghanna malartacha a chur chun feidhme lena gcomhlíontar na caighdeáin is gá chun sábháilteacht dóiteáin a áirithiú ag na láithreáin sin. Dá bhrí sin, beidh idirthréimhse 10 mbliana ag saoráidí lainseála do thionscal an spáis a thagann faoi na bunaíochtaí a chumhdaítear le Treoir 2012/18/AE.

(37) Thairis sin, a mhéid a bhaineann le húsáid PFASanna i gcúir comhraic dóiteáin, thacaigh CASE le hidirthréimhse 5 bliana do longa, lena n-áirítear longa míleata. Mar sin féin, measann an Coimisiún gur gá riachtanais shonracha cosanta na soithí míleata dromchla agus fodhromchla uile a chur san áireamh, gan beann ar a bhfad agus ar a n-olltonnáiste, i gcomparáid le longa sibhialta, a dhéanann difear d'indéantacht theicniúil roghanna malartacha a chur chun feidhme, sainiúlachtaí phrionsabal comhraic dóiteáin an chabhlaigh, agus idir-inoibritheacht le tríú tíortha a áirithiú i bhfreachnaimh chomhpháirteacha, agus dá bhrí sin a bhfuil níos mó ama ag teastáil ina leith. Ina theannta sin, measann an Coimisiún go bhfuil idirthréimhse 5 bliana róghearr i gcás longa sibhialta ag a bhfuil cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna curtha ar bord cheana féin i bhfianaise na modhnuithe is gá ar an gcóras cúir nach féidir a dhéanamh ach amháin le linn duga tirim. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí idirthréimhse 10 mbliana a shocrú ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir le PFASanna a úsáid i gcúir comhraic dóiteáin a úsáidtear le haghaidh soithí míleata agus longa sibhialta le cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna atá curtha ar bord cheana féin.

(38) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an maolú maidir le húsáidí PFASanna i gcúir comhraic dóiteáin i gcás bunaíochtaí a chumhdaítear le Treoir

2012/18/AE, suiteálacha a bhaineann leis an tionscal ola agus gáis amach ón gcósta, soithí míleata agus longa sibhialta a bhfuil cúir comhraic dóiteáin iontu ina bhfuil PFASanna ar bord cheana féin, roimh dheireadh na hidirthréimhse 10 mbliana le haghaidh na n-úsáidí sin, chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an ionadaithe le haghaidh na n-úsáidí sin.

(39) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar thionchar na n-astaíochtaí isteach sa chomhshaol a eascraíonn as úsáidí PFASanna a cheadaítear faoin srian, measann an Coimisiún gurb iomchuí úsáidí PFASanna i gcúir comhraic dóiteáin le linn na n-idirthréimhsí 5 bliana agus 10 mbliana a chur faoi réir bearta leordhóthanacha chun aon scaoileadh PFASanna sa chomhshaol a laghdú go leibhéal atá chomh híseal agus is féidir go teicniúil agus go praiticiúil. Measann an Coimisiún gur amlíne iomchuí é 12 mhí chun na bearta sin a bheith curtha chun feidhme ag na húsáideoirí. Aontaíonn an Coimisiún gur cheart a áireamh ar na bearta sin bailiú chun cóireáil leordhóthanach a dhéanamh ar stoc cúr comhraic dóiteáin nach n-úsáidtear agus dramhaíl ina bhfuil PFASanna, lena n-áirítear fuíolluisce, a eascraíonn as cúir comhraic dóiteáin a úsáid agus as glanadh an trealaimh, i gcás inar féidir go teicniúil agus go praiticiúil. De réir CMR, chun cóireáil leordhóthanach a bhaint amach, ba cheart cóireáil bhitheolaíoch fuíolluisce a eisiamh agus, i gcás loiscthe, ba cheart dramhaíl ina bhfuil PFASanna a loscadh ag teocht 1 100 °C ar a laghad. Measann an Coimisiún go n-áirithítear le cóireáil leordhóthanach go scriostar an cion PFASanna nó go ndéantar é a chlaochlú ar bhealach do-aisiompaithe. Aontaíonn an Coimisiún le CMR gur cheart aon chineál cóireála neamhleor, amhail cóireáil fuíolluisce bhitheolaíoch nó loscadh dramhaíola ina bhfuil PFAS faoi bhun teocht 1 100 °C a eisiamh. Thairis sin, aontaíonn an Coimisiún le moladh CMR nár cheart cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil PFAS a úsáid ach amháin chun tinte a chomhrac lena mbaineann leachtanna inadhainte (dóiteáin d'aicme B).

(40) Thairis sin, chun a áirithiú go ndéanfar bearta iomchuí a ghlacadh agus a dhoiciméadú, agus chun forfheidhmiú a éascú, measann an Coimisiún gurb iomchuí, mar choinníoll úsáide faoin srian sin, go n-ullmhódh úsáideoirí cúr comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna plean bainistíochta, a bhaineann go sonrach le háit úsáide an chúir. Ba cheart faisnéis maidir le, chomh maith le nithe eile, coinníollacha agus toirteanna úsáide, bailiú agus cóireáil leordhóthanach, glanadh, pleananna i gcás sceitheadh/scealladh tionóisceach agus straitéis chun cúir comhraic dóiteáin atá saor ó fhluairín a chur in ionad cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna a bheith sa phlean bainistíochta. Ba cheart d'úsáideoirí an plean bainistíochta sin a choimeád ar fáil ar feadh 15 bliana ar a laghad ionas gur féidir le húdaráis inniúla iniúchadh a dhéanamh air.

(41) Chun a áirithiú go láimhseálfar go hiomchuí cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna agus chun forfheidhmiú a éascú, aontaíonn an Coimisiún leis an moladh ón nGníomhaireacht, ó CMR agus ó CASE lipéad a chur ar chúir comhraic dóiteáin a chuirtear ar an margadh agus ina bhfuil PFASanna i dtiúchain atá cothrom le 1 mg/L nó níos mó ná sin. Ba cheart feidhm a bheith ag an gceanglas lipéadaithe sin freisin maidir le stoc cúr comhraic dóiteáin nach n-úsáidtear agus dramhaíl ina bhfuil PFASanna, lena n-áirítear fuíolluisce, a eascraíonn as cúir comhraic dóiteáin a úsáid. Measann an Coimisiún gurb iomchuí sprioc-am 12 mhí a thabhairt d'úsáideoirí an oibleagáid lipéadaithe sin a chomhlíonadh.

(42) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a leasú dá réir sin.

(43) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú faoi Airteagal 133 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula von der Leyen*